

Treoiríníte: An Scéim Cóiríochta Aon Uaire d'Íonaid Phobail Ghaeilge

Cuideoidh na treoiríníte leat:

- cinneadh a dhéanamh an bhfuil d'eagraíocht i dteideal cur isteach ar mhaoiniú faoin scéim seo,
- tionscadal a fhorbairt a chomhlíonann critéir na scéime seo,
- iarratas a ullmhú ina bhfuil an t-eolas go léir atá de dhíth.

Léigh go cúramach iad, le do thoil, ina n-iomláine sula dtabharfaidh tú faoin iarratas a chomhlánú.

1. Mar gheall ar an scéim seo

Is é an aidhm atá leis an scéim seo maoiniú aon uaire a chur ar fáil d'ionaid phobail Ghaeilge ar fud na tíre, a chuideoidh ionaid a fhorbairt ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú ar bhonn pobail. Tá suas le **€300,000** de bhuiséad iomlán ag an scéim tacaíochta seo. Beidh an scéim iomaíoch seo oscailte d'iarratasóirí áit ar bith in Éirinn taobh amuigh den Ghaeltacht oifigiúil. Tá scéimeanna tacaíochta ag an rialtas agus ag Údarás na Gaeltachta le haghaidh ionaid atá lonnaithe sa Ghaeltacht agus ag iarratasóirí nach bhfuil ag fáil maoiniú eagraíochtúil ó Fhoras na Gaeilge (féach na critéir cháilithe thíos). Beidh fáilte mhór roimh ionaid phobail Ghaeilge atá lonnaithe taobh istigh de cheantair pleanála teanga iarratas a dhéanamh.

Tá na costais seo a leanas incháilithe:

- trealamh oifige
- trealamh cistine
- troscán
- uasghrádú ar sheomraí, hallaí, urláir, doirse, aibhléis etc.
- mionchóiriú nó mionleasuithe don ionad
- córas sábháilteachta
- comharthaí Gaeilge
- aon chostais eile aon uaire atá riachtanach leis an ionad a fhorbairt ar mhaithe leis an nGaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú

Caithfidh na costais a bheith ag baint leis an ionad pobail Gaeilge amháin agus a bheith réasúnta agus inchosanta.

Tá na costais seo a leanas dícháilithe agus ní féidir iad a chur san áireamh:

- ranníocaíocht costas oifige agus gníomhaíochtaí
- costais tuarastail agus costais phroifisiúnta
- costais a tharlaíonn sula dtairgfimid deontas duit
- costais a bhfuil ceadúnas pleanála de dhíth in leith
- gnólacht phríobháideach nó eagraíocht bhrabúsach
- costais atá míréasúnta i dtuairim Fhoras na Gaeilge

2. Cé mhéad maoinithe is féidir linn a fháil?

Is é íosmhéid an deontais is féidir a fháil **€12,000/£10,000** agus is é an t-uasmhéid **€35,000/£30,000**. Tá buiséad teoranta leis an scéim seo agus táimid ag dréim leis go mbeidh an meándeontas i bhfad níos ísle ná an t-uasmhéid. De bhrí gur scéim iomaíoch í, ní féidir linn barántas a thabhairt go gcuirfimid maoiniú ar fáil do gach eagraíocht a chuirfidh isteach ar an scéim.

Is é an spriocdháta le haghaidh iarratas 12 meán lae, an 12 Samhain 2021. Ní ghlacfaimid le haon iarratas a gheobhaimid tar éis an spriocdháta seo. Ní mór d'iarratasóirí an seicliosta ag deireadh na foirme iarratais a chomhlánú lena chinntiú go bhfuil an fhoirm iarratais comhlánaithe ina hiomláine.

3. Na critéir cháilithe

Le bheith incháilithe cur isteach ar an scéim seo, ní mór d'eagraíocht na critéir cháilithe seo a leanas a chomhlíonadh:

- a. Tá fianaise á cur ar fáil agat d'Fhoras na Gaeilge go bhfuil foirgneamh an ionaid pobal Gaeilge i seilbh na heagraíochta nó go bhfuil léas ar théarma cúig bliana ar a laghad ag an eagraíocht air e.g. gníomhas teidil, litir dlíodóra, litir tiarna talún nó cóip den léas.
- b. Is grúpa pobail an eagraíocht seachas údarás áitiúil, scoil, coláiste nó institiúid eile, naíonra, grúpa iarscoile nó eagraíocht bhrabúsach.
- c. Is é príomhaidhm an ionaid a bheith an Ghaeilge a chur chun cinn.
- d. Tá foirgneamh ag an eagraíocht inar féidir clár imeachtaí Gaeilge a chur ar fáil ar mhaithe le cur chun cinn, cothú agus buanú na Gaeilge ar bhonn pobail.
- e. Tá an eagraíocht lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht.
- f. Níl an eagraíocht ag fáil maoiniú eagraíochtúil (faoina bhfuil níos mó ná post amháin ceadaithe) ó Fhoras na Gaeilge i.e. ní ceann de na sé cheanneagraíocht, den dá chultúrlann nó de na stáisiúin raidió pobail í.
- g. Tá struchtúr ceart bainistíochta ag an eagraíocht agus is féidir cumas bainistíochta a léiriú.
- h. Tá cuntas bainc ann in ainm na heagraíochta agus faoi stiúir choiste nó bhord na heagraíochta.
- i. Tá cóip shínithe agus dhátaithe de cháipéisí rialaithe na heagraíochta (mar shampla, bunreacht, meabhrán agus airteagail chomhlachais, de réir mar is cuí) leis an iarratas.
- j. Tá cuntais bhliantúla agus ráitis bhainc leis an iarratas. Má tá na cuntais níos sine ná dhá mhí dhéag, ní mór cuntais bhainistíochta a sholáthar agus iad sínithe ag cathaoirleach na heagraíochta, agus miontuairiscí den chruinniú inar glacadh leo.
- k. Tá teastas imréitigh cánach nó cód rochtana cánach le haghaidh ROS (más ann dó) ar fáil.
- l. Tá gach ní atá ar sheicliosta na foirme iarratais leis an iarratas.

- m. Tá an t-ionad cloí le gach riachtanas reachtúil ábhartha a bhaineann le foirgneamh pobail a reáchtáil.

Féadfaidh Foras na Gaeilge cur leis na critéir cháilithe seo.

4. Cad é mar a mheasfar na hiarratais?

Úsáideann Foras na Gaeilge critéir mheasúnaithe le hiarratais a mheas. Tá critéir mheasúnaithe na scéime leagtha amach thíos. Measfaimid agus scórálfaimid iarratais de réir na gcritéir seo.

Critéir mheasúnaithe

A. Riachtanas: príomhaidhm na heagraíochta agus clár gníomhaíochtaí san Ionad. 40 marc

Ar léirigh an t-iarratas gurb í an Ghaeilge teanga na hoibre agus na cumarsáide maidir le reáchtáil an ionaid agus go bhfuil clár gníomhaíochtaí Gaeilge á éascú ag an ionad a dhéanfaidh an Ghaeilge a chur chun cinn, a chothú agus a bhuanú ar bhonn pobail?

B. Gá leis na nithe atá beartaithe, costais mheasta agus fianaise. 60 marc

- i. Ar léirigh an t-iarratas an gá leis na nithe atá beartaithe chun an t-ionad pobail Gaeilge a fhorbairt? 30 marc
- ii. An léirítear costais mheasta agus fianaise (feach mír 9 den seicliosta)? 20 marc
- iii. An bhfuil an t-ionad pobail Gaeilge lonnaithe i líonra Gaeilge nó i gceantar atá aitheanta mar bhaile seirbhíse Gaeltachta, nó an bhfuil sé ag feidhmiú mar chuid de phlean teanga ceantarbhunaithe? 10 marc

5. Cad é mar a chuirfimid isteach air?

Caithfidh tú fianaise a chur ar fáil d'Fhoras na Gaeilge go bhfuil foirgneamh an ionaid pobail Gaeilge i seilbh na heagraíochta nó go bhfuil léas ar a laghad cúig bliana ag an eagraíocht air, e.g. gníomhas teidil, litir dlíodóra, litir tiarna talún nó cóip den léas.

Beidh gairm amháin ar iarratais agus ní ghlacfaimid ach le hiarratas amháin ó aon eagraíocht ar leith.

Mura bhfuil tú cinnte an bhfuil d'eagraíocht i dteideal cur isteach ar an scéim seo téigh i dteagmháil le hoifigeach na scéime, Máirtín Mac Cathmhaoil, ag mmaccathmhaoil@forasnagaeilge.ie nó +44 28 9089 0970

Ní mór foirmeacha iarratais comhlánaithe agus gach doiciméad tacaíochta a bheith faighte go leictreonach ag an seoladh ríomhphoist seo mmaccathmhaoil@forasnagaeilge.ie faoi 12 meán lae, an 12 Samhain 2021. Ní ghlacfaimid le hiarratais i ndiaidh an spriocdháta seo.